

Creat don tSraith Shóisearach

Eolas do Thuismitheoirí

An Creat a Chur i Láthair

Bealtaine / Meitheamh 2013



Léargas ar an gcur i láthair

- Athrú – cén fáth?
- Cad atá ag athrú?
- Conas a mheasfar é?
- Conas a dhéanfaimid cinnte go n-oibríonn sé?
- Cad a cheapann na tuismitheoirí ?

Cén fáth go bhfuil gá le hathrú?

- **Thug taighde le fios go bhfuil roinnt scoláirí**
 - Nach bhfuil ag dul chun cinn sa chéad bhliain
 - Atá ag scoitheadh sa dara bliain
 - Nach bhfuil a scileanna agus spéiseanna ar leith á bhforbairt acu
- **Scrúdú deiridh an Teastais Shóisearaigh**
 - Ní scrúdú ar luach ard é a thuilleadh
 - Is cúis é le stíl teagaisc – ró-dhírithé ar scrúduithe
 - Tá strus ar scoláirí
- **Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta**

Clár SS a Phleanáil agus a Dhearadh

- **Creat:**
 - 8 bprionsabal
 - 24 ráiteas foghlama
 - 8 bpríomhscil
- **Arna sholáthar trí**
 - Ábhair
 - Gearrchúrsaí
 - Aonaid tosaíochta foghlama
 - Eispéiris fhoghlama eile

Ábhair agus gearrchúrsaí a chéimniú isteach – clár ama do ROS agus do CNCM

- M.Fómh. 2014, an chéad teistiúchán i 2017
 - Béarla
 - Beidh gearrchúrsaí CNCM agus eile ar fáil
- M.Fómh. 2015, an chéad teistiúchán i 2018
 - Gaeilge; Eolaíocht; Staidéar Gnó
- M.Fómh. 2016, an chéad teistiúchán i 2019
 - Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh; Nuatheangacha; Eacnamaíocht Bhaile; Ceol; Tíreolaíocht
- M.Fómh. 2017, an chéad teistiúchán i 2020
 - Matamaitic; Ábhair Theicneolaíochta; OR; Léann Giúdach; Clasaicí; Stair

Prionsabail

- Cáilíocht
- Folláine
- Cruthaitheacht agus Nuáil
- Rogha agus solúbthacht
- Caidreamh agus rannpháirtíocht
- Oideachas cuimsitheach
- Leanúnachas agus forbairt
- Ag foghlaim conas Foghlaim

Prionsabal na Cáilíochta

- Cuirtear eispéireas oideachasúil d'ardchaighdeán ar fáil do gach scoláire, a bheidh léirithe ag ardionchais na bhfoghlaimeoirí agus ag tóraíocht na sármhaitheasa

24 Ráiteas foghlama (RF)

- Tugann siad cur síos ar cad ba chóir a bheith ar eolas ag an scoláirí, tuigthe acu, luach acu air, agus a bheith ábalta a dhéanamh ag deireadh na SS m.sh.
 - Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíne agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist
 - Déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sí/sé scileanna maithe tomhaltacha
 - Léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sí/sé nuálach agus forbraíonn sí/sé scileanna fiontraíochta

Príomhscileanna

- Tá 8 bpríomhscil leabaithe sna hábhair, sna gearrchúrsaí agus sna ATFanna
 - An litearthacht
 - An uimhearthacht
 - Mé féin a bhainistiú
 - Fanacht Folláin
 - Cumarsáid
 - A Bheith Cruthaitheach
 - Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú
 - Obair le Daoine Eile

Scil: Obair le daoine eile

- An dea-chaidreamh a fhorbairt agus plé le coimhlint
- Comhoibriú
- Meas ar an difir
- Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan
- Foghlaim le daoine eile
- Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach

Cur i bhfeidhm an Chreata

- Cumas ann a bheith an-spreagúil agus nuálaíoch

ACH le hathrú sa chleachtas agus sa chultúr

- Bíonn buarthaí ann ar dtús
- Bíonn ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí smaoineamh ar an bhfoghlaim ar bhealach eile
- Bíonn gá le tacaíocht

Mar sin féin, is é an príomhfhócas atá againn ná cáilíocht na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe a fhaigheann ár ndaoine óga

Clár Scoile sa tSraith Shóisearach

Déanfaidh na scoláirí uilig staidéar ar an mBéarla, ar an nGaeilge agus ar Mhatamaitic

Beidh scoileanna ábalta rogha a dhéanamh as:

- 18 n-ábhar eile
- Réimse de ghearrchúrsaí
- Eispéiris fhoghlama eile
- Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna)

Gearrchúrsaí

- Gearrchúrsaí CNCM i m.sh.
 - Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
 - Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil
 - Corpoideachas
- Tá saoirse ag scoileanna agus eile a ngearrchúrsaí féin a fhorbairt
- Is féidir le scoileanna dhá ghearrchúrsa a chur in ionad ábhair amháin
 - Ceithre ghearrchúrsa ar a mhéid ceadaithe don teistiúchán

Aonaid tosaíochta foghlama (ATFanna)

- Freastalaíonn siad ar riachtanais fhoghlama atá ag líon beag scoláirí le deacrachtaí foghlama
- Cuireann siad teistiúchán ar fáil
- ATFanna – Scileanna sóisialta, réamhghairme agus saoil
 - Cumarsáid agus litearthacht
 - Uimhearthacht
 - Cúram pearsanta
 - Ag cónaí i bpobal
 - Ag ullmhú don obair

Eispéiris Oideachasúla Eile

- Curtha in ord tosaíochta ag scoileanna:
 - Treoir
 - Gnéithe den chúram tréadach
 - Gnéithe den oideachas reiligiúnda
 - Tionscnaimh fhoghlama eile – óráid phoiblí, comhairle na mac léinn, gradam Gaisce, Brat Glas, Eolaí Óg, ceoldrámaí, spóirt srl
- Don chéad uair riamh, tabharfar aitheantas foirmiúil d'eispéiris fhoghlama agus clárófar iad i gcóras tuairiscithe na scoile

Cad air a dhéanfaidh an scoláire tipiciúil staidéar don teistiúchán, mar sin?

- 8 n-ábhar ar a laghad suas le 10 n-ábhar ar a mhéid
- Is féidir dhá ghearrchúrsa a chur in ionad ábhair, suas le 4 ghearrchúrsa ar a mhéid
- Réimse roghanna don teistiúchán laistigh de scoil (ag cur roghanna ionchasacha don tSraith Shinsearach san áireamh) mar léargas ar
 - riachtanais aitheanta na scoláirí agus na dtuismitheoirí
 - na hacmhainní atá ar fáil

Cad chuige an t-athrú ar mheasúnú?

- Níl luach ard ar scrúdú na sraithe sóisearaí a thuilleadh
 - críochnaíonn 90% de scoláirí an Ardteistiméireacht
- Is fearr measúnú nuair is gnách measúnú chun foghlama ar feadh na 3 bliana
- Cur ar chumas na bhfoghlaimeoirí, le tacaíocht óna múinteoir
 - a bhfoghlaím a phlé agus a bheith soiléir faoi thorthaí
 - gnóthachtálacha a aithint
 - bearnaí ina bhfoghlaím a aithint, agus conas is féidir í a fheabhsú
 - muinín a fhorbairt ina gcumais féin
 - a bheith gríosaithe agus ionchais arda atá réalaíoch a bheith acu

Cad chuige an t-athrú ar mheasúnú?

- Measúnú: chun foghlaim a fheabhsú (ní a chruthú)
- Fócas a bhogadh ó scrúdú deiridh go dtí eispéireas foghlama den scoth do scoláirí
- Scrúdú reatha an Teastais Shóisearaigh le céimniú amach agus measúnú scoilbhunaithe ina áit thar thréimhse 8 mbliana

Measúnú don Teastas Scoile ag deireadh na Sraithe Sóisearaí

- **Ábhair**

- Comhpháirt oibre scoile do na hábhair ar fad curtha i gcrích i mbliain 2 agus bliain 3 (i gcoitinne, 40% de na marcanna iomlána ach is féidir leis athrú thar ábhair)
- Comhpháirt measúnaithe deiridh do na hábhair ar fad curtha i gcrích ag deireadh bhliain 3 (60% de na marcanna)
- Comhpháirt measúnaithe deiridh
 - Scrúdú nach maireann níos faide ná dhá uair a' chloig
 - Dhá leibhéal don Bhéarla, don Ghaeilge agus do Mhatamaitic
 - Leibhéal comónta do na hábhair uilig eile

Measúnú ag deireadh na Sraithe Sóisearaí

- **Ábhair**

- Gaeilge, Béarla agus Matamaitic fós á riar agus á mharcáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)
- Marcanna CSS curtha ag an scoil le marcanna d'obair scoile
- Do na hábhair eile ar fad, idir an dá linn, páipéir agus scéimeanna marcála ó CSS, á mharcáil ag múinteoirí sa scoil
- Gearrchúrsaí agus ATFanna measúnaithe ag an scoil amháin
- Múinteoirí á dtreorú ag foireann uirlisí do mheasúnú agus do mhodhnóireacht, agus cuirfear faoi oiliúint iad

Gráid sa teistiúchán scoilbhunaithe nua

- Gráid le marcáil ar scála cúig phointe
 - Neamh-bhainte 0% - 39%
 - Bainte 40% - 54%
 - Bainte le Fiúntas 55% - 74%
 - Bainte le hArd-Fhiúntas 75% - 89%
 - Bainte le Gradam 90% - 100%

Tuairisciú

- Is é an tuairisciú is fearr ná an cineál atá leanúnach ar feadh na SS d'fhonn feabhas a chur ar an bhfoghlaim, ar an teagasc agus ar an gcaoi ina ndéantar measúnú ar fhoghlaimoirí
- Ní bhainfear geit

San fhómhair i ndiaidh na 3^ú bliana, áireoidh an tuairisc

- Próifíl gnóthachtála
 - Achoimre ar eispéiris agus ar ghnóthachtálacha foghlama
- Teastas Scoile – eisithe ó M.Fómh. 2017
 - bronnta ar scoláire in 8-10 n-ábhar nó a choibhéis

Deimhniú cáilíochta chun tacú leis an tSraith Shóisearach nua

- Sonraíochtaí ábhair (siollabais)
- Córas tuairiscithe nua
- Feabhas a chur ar cháilíocht na foghlama trí oiliúint a sholáthar do phríomhoidí agus do mhúinteoirí
- Tacaíocht ó CSS ar na scrúduithe
- Féinmheastóireacht Scoile

Deimhniú cáilíochta ag deireadh na Sraithe Sóisearaí (ar lean)

- Déanfaidh ROS
 - Próifíl Sonraí a sholáthar do scoileanna ag éirí as a hainilís staitistice
 - Monatóireacht ar thorthaí a bronnadh agus patrúin neamhghnácha a aithint
 - Comhairle agus tacaíocht a sholáthar
 - Leanúint de mheastóireacht, tríd an gCigireacht, ar cháilíocht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe

Binsemharcáil náisiúnta agus idirnáisiúnta

- Trialacha caighdeánaithe
- Measúnú Náisiúnta Tréimhsiúil ar Mhata agus ar Léitheoireacht an Bhéarla ag teacht leis an *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta*
- Rannpháirtíocht leanúnach i meastóireachtaí idirnáisiúnta

Cén Tacaíocht a bheidh ar fáil do scoileanna agus do thuismitheoirí?

- Ó CNCM www.juniorcycle.ie
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit – acmhainní measúnaithe www.examinations.ie
- Comhpháirtithe Oideachais – Grúpa Comhairliúcháin
 - Tá an dá Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí ann – Bunscoile agus Iar-Bhunscoile
 - Deis do chomhpháirtithe ROS a chur ar an eolas faoi cheisteanna “ar an talamh”
 - Aithníonn sé riachtanais na dtuismitheoirí a mbeidh ról criticiúil acu i bhfeidhmiú rathúil na SS
 - Tuairisceoidh oifigigh ROS ar ais ó chruinnithe eolais na tuismitheoirí
- Tacaíocht, rannpháirtíocht agus spreagadh na dtuismitheoirí don scoil agus do na scoláirí
 - Mórachmhainní ar líne
 - Cruinnithe eolais
 - www.npc.ie agus www.npcpp.ie

Daoibhse mar thuismitheoirí – cad iad na buarthaí a ardaíodh?

- Cén fáth a bhfuil Béarla, Gaeilge agus Mata éigeantach?
- An gcuirfear ábhair eile amach ar an imeall?
- Cén fáth nach féidir an Creat a thabhairt isteach níos luaithe?
- Claonadh na múinteoirí mura bhfuil an caidreamh idir an múinteoir agus an scoláire go maith?
- An bhfuil eispéiris na Bunscoile á nascadh leis an tsraith shóisearach? Ní mór do bhunmhúinteoirí athruithe a thuiscint agus gan an méid sin brú a chur ar dhaltaí i ranganna a 5 agus a 6?
- An athróidh an clár go raidiciúil i 2014?